

## Dofheicthíocht na nGael ina dTír féin - Glór Gaelach saor ó Thioncar

### i) Réamhrá

‘Sí an Ghaeilge an chéad teanga oifigiúil sa Stát seo. Brúann constaicí nach gá ar lucht a labhartha. Léirítear annseo samplaí desna fadhbanna seo do chainteoirí Gaeilge, go mórmhór i 2020-2021. Tagraítear do roinnt ócáidí níos sine, fosta, a bhaineas le scéal na tréimhse seo.

**A)** Ag déileáil le seirbhísí Stáit leobhtha, ní mór do dhaoine Béarla a úsáid de ghnáth. Thug na Ceiltigh, daoine airgtheacha, an Ghaeilge annseo ó thír na hÚcráine c5,000 bliain ó shin. **Is taisce luachmhar** í an Ghaeilge, teanga Ind-Eorpach atá fós neamhhibridithe. Ba dícheangal ó stair agus féiniúlacht na hÉireann é, a rá nach acmhainn tábhachtach i **spreagadh** an chultúir é, an Gaelachas. Ach tá go leor daoine a ghlacas go ró-thapaidh le brú cultúrtha coimhthígh, le ómós béalghrá uatha ar ár nósanna dúchais.

Cé nach cóir milleán a leagadh ar oifigigh phoiblí nach féidir leo Gaeilge a labhairt, is féidir saincheisteanna a chur ar aghaidh chuig an **Coimisinéir Teangan** - (091-504006 - [eolas@coimisineir.ie](mailto:eolas@coimisineir.ie)) nó chuig **Naomi Ní Chíreabháin**, Riarthóir Oifige, Conradh na Gaeilge (00353 1 4757401 - [gleoite@cnag.ie](mailto:gleoite@cnag.ie)). Ní minic a deintear gearán. **Is minic, ámh**, a bhíonn ar daoine deacrachtaí a fhulaingt. [https://zims-en.kiwix.campusafrika.gos.orange.com/wikipedia\\_en\\_all\\_nopic/A/Urheimat](https://zims-en.kiwix.campusafrika.gos.orange.com/wikipedia_en_all_nopic/A/Urheimat) <https://peig.ie/en/using-irish-state-services/>

Féiniúlacht thánaisteach í an fhéiniúlacht Ghaelach do Ghaeilgeoirí sa Ghaeltacht, agus tá seasamh níos lú arís aici ag Béarlóirí sa Ghalltacht. I dtaighde i 2016, fuarthas amach fosta nach fórsa polaitiúil é an t-aitheantas Gaelach sa Ghaeltacht .i. **níl ionadaíocht chomhchoiteann** ag daoine a aithníonn iad féin mar Ghaeil. Eascraíonn saincheisteanna meabhairshláinte do Ghaeilgeoirí óga, ach go háirithe, ina dtimpeallacht shóisialta agus pholaitiúil, atá i gcónaí ag éirí níos ‘forchéimnithí’, níos baolaí don saol daonna i gcoitinne. <https://aran.library.nuigalway.ie/bitstream/handle/10379/6013/TRACHTAS%20FINAL%202.0.pdf?sequence=1> <https://peig.ie/en/using-irish-state-services/> [https://zims-en.kiwix.campusafrika.gos.orange.com/wikipedia\\_en\\_all\\_nopic/A/Urheimat](https://zims-en.kiwix.campusafrika.gos.orange.com/wikipedia_en_all_nopic/A/Urheimat) [www.all-lives.institute](http://www.all-lives.institute)

**B)** Bhí an Ghaeilge éigeantach le fostaíocht a fháil san earnáil phoiblí suas go 1974. Chinn an Rialtas annsin go gcuirfí an Ghaeilge agus an Béarla ar **an mbonn céanna** i scrúduithe iontrála don Státseirbhís. D’fhéadfadh iarrthóirí an Ghaeilge, an Béarla nó an dá theanga a úsáid, i gcomórtais. Tabharfaí aitheantas d’inniúlacht sa dá theangain. Dúirt Richie Ryan, Fine Gael, an t-Aire Airgeadas ag an am, go bhféadfadh go n-eireochadh le hiarrthóir, a labhróchadh Gaeilge amháin, post a fháil. Ach dúirt sé freisin go mba dhócha **go mba rí a bheadh ann**.

B’í aidhm **Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003**, feabhas a chur *thar am* (.i. gan bhrú air) ar na seirbhísí a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí don phobal trí Ghaeilge. Bunaíodh **Oifig an Choimisinéara Teangan** faoi’n Acht sin mar oifig reachtúil neamhspleách, ag feidhmiú mar sheirbhís ‘Ombudsman’ agus mar ghníomhaireacht chomhlíonta. <https://www.coimisineir.ie/faoin-acht?lang=EN>

### ii) Dul síos ar Leith pearsanta: ó 2015 ‘gus indiu

**C)** I litir, i nGaeilge, d’Uisce Éireann, ar 14/12/2015, le cóip de curtha chuig an Coimisinéir Teangan, dúradh go raibh billí i mBéarla ag teacht maille le maoin nár cláraíodh leobhtha. Níor fhreagar an Chomhlucht an litir is níor mhíniigh siad conas ar fuair siad seoladh na maoin seo, tógtha san áireamh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (nó **RGCS**). Ar an nguthán dóibh, agus an rogha tógtha ag duine, fá choinne seirbhís as Gaeilge a fháil, adéarfadh **Guth Leictreonach** go mbeifí ag feitheamh le tuairim is dhá lá sul má bhfaighfí freagra. Cuirfí iachall ar duine Béarla a labhairt leis an gComhlucht (agus b’obair in aisce í sin).

D'fhreagar an Coimisinéar Teangan an litir, ar 17/12/2015, ag rá nach raibh sé freagrach as Uisce Éireann. Ar 3/3/2016, cuireadh litir eile ag an **Ombudóir**. Dúirt seisean fosta nach raibh sé freagrach as Uisce Éireann ach an oiread agus ba cheart an cheist a tharchur chun an Choimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER). Bhí an chomhairle seo deacra a thuighbháil ag duine. D'iarradh focal comhairle ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí, dá bharr, agus dúirt seisean (as Gaeilge) gur cuireadh *ar leathaoibh* dlíthiúlachtaí éigin a bhain le sonraí príobháideacha – ionas go dtiocfadh Uisce Éireann ar daoine chun billí do chur chucu. Dúirt sé go raibh sé de cheart ag duine 'fháil amach cé thug an seoladh d'Uisce Éireann, tré thimpist.

Níor chuir Uisce Éireann stop le h-eisiúint billí i mBéarla. I litir i nGaeilge, ar 23/3/2016, chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an DoE), fiafraíodh cén fá go raibh billí ag teacht ó Uisce Éireann gan stad. Ag tagairt do dháta na litreach go mí-cheart agus gan trácht ar na ceisteanna eile a d'eascairigh, mholl an Roinn, ar 26/4/2016, comhairle a 'fháil ó CER agus chuir sí a litir ar aghaidh go h-Uisce Éireann, le freagra a 'fháil díreach uatha (níor fuarthas a dhath ar bith uatha).

Le Cuntas Thar Ré mícheart, arís eile ó Uisce Éireann, arna dhátú ar 31/5/2016, do scríobhadh litir fá dheireadh, ar 13/6/2016, do CER, le docoiméadaí cúlra fá iamh. Ar 7/2016 léirigh CER i nGaeilge, i litir *pro-forma* ceithre leathanach, i gcló-bhuaileadh beag, mion-shonraí na riachtanas dleachtúla a gcaithfí a chomhlíonadh sul má bhféadfadh leobhtha dul i gcomhairle le duine. Cinnte go mba **bhac bóthair** an litir seo, a bhí réidh le cur ós comhar aon Ghaeilgeoir a thiocfadh an tslí. I ndeireadh na Dála, agus raic pholaitíochta i gcoinne na dtáillí uisce ag fás, cuireadh deireadh leobhtha roimh gá a bheith ann don chustaiméir dlíodóir le Gaeilge a fhostú. Is cosúil nár léigh Uisce Éireann ariamh an litir i nGaeilge a cuireadh fána mbráid ar 14/12/2015 agus níor cuireadh aon iachall ortha é a leamh. Níor freagraíodh na ceisteanna a ardaíodh go fóill.

Ní hannamh a nglactar le cleachtadh an **Íostachais**, mar a sonraítear annseo, mar ghnáth-pholasaí sa tSeirbhís Phoiblí. Sa tSíceolaíocht, cuirtear **Leisce Cognaíoch** air an ngnás: faightear **réiteach fo-optamach** dá bharr, i raon gníomhaíochtaí nach beag a 'tchítear go minic sa nuacht.

### iii) Is féidir go gcaithfeadh aon Chainteoir Gaeilge dul i mbun Comhraic in Aghaidh Leithcheala

**D)** Is coinníoll é ag **Ollscoil na hÉireann** - (UCD, UCC agus UCG) go gcaitheann iarratasóirí ar chúrsaí pás a fháil i nGaeilge san Ardteistiméireacht. Tá líon na n-iarratasóirí ar na coláistí ó lasmuigh den tír ag méadú - iarratasóirí iad nach raibh ortha an Ghaeilge a fhoghlaim sa 2ú leibhéal. Is focal ciníoch a úsáidtear agus iad ag tagairt do 'ilchineálacht'.

Maidir le tástálacha d'inimircigh, go hidirnáisiúnta, ní mór dóibh scileanna bunúsacha teangan agus eolas ar saoránaíocht a bhaint amach ar dtús. Is gné bhunúsach d'fhéiniúlacht na hÉireann í an Ghaeilge, nach cóir í a chur ar leataoibh agus a chailliúint. Tá líon na mac léinn le díolúine\_ón nGaeilge, ag dul isteach dóibh in Ollscoil na hÉireann, ag méadú.

D'admhaigh an Ollscoil gur chruthaigh a beartas i leith na Gaeilge 'conspóid agus deighilt' ach níor míníodh na cúiseanna atá leis seo. Seachas é seo a dhéanamh, go réasúnta, deir an Ollscoil nach bhfeiceann roinnt mac léinn, ná a gcuid tuismitheoirí (nach oideachasóir aon duine acu), luach praiticiúil i staidéir na Gaeilge. Bheadh se ní b'éasca **líon a gcuid pointí** don Lár-Oifig Iontrála a ardú, deir siad, gan Ghaeilge. Deinfidh Seanad na hOllscoile 'athbhreithniú' ar stádas na Gaeilge. Ciallaíonn '**educare**' 'tarraingt amach' i Laidin: tá gá le siollabas cruinn chun béim a chur ar oideachas agus ar tuiscint - seachas ar traenáil\_amháin.

<https://www.irishtimes.com/news/education/nui-to-maintain-requirement-for-mandatory-irish-1.3778001> 1/2/2019 <https://www.pri.org/stories/2013-10-15/could-you-pass-test-international-citizenship-tests-are-often-more-interested> 13/8/2013

**E)** Ba mhian le thart ar 67% de mhic léinn sa tríú leibhéal (a d'fhág an dara leibhéal ar na mallaibh), an Ghaeilge a bheith ina ábhar scoile éigeantach (suirbhé deanta ag Aontas na Mac Léinn in Éirinn - 15/03/2021). Agus iad ag rá gur chóir go mbeadh an teanga éigeantach, ní dúirt ach 5% díobhtha gur múineadh í mar theanga bheo. (**Nemo dat quod non habet**, mar adúirt na Rómhánaigh).

<https://www.breakingnews.ie/ireland/majority-of-third-level-students-support-irish-remaining-a-compulsory-subject-1096298.html> 15/03/2021

**F)** D'fhéadfadh le 95% desna daltaí a rinne an Ardteistiméireacht in 2021 rogha a dhéanamh idir torthaí scrúdaithe scríobhtha, gráid ríobhtha - nó an dá cheann acu - a fháil. Roghnaigh tuairim is 40% desna daltaí gráid ríobhtha sa Ghaeilge a fháil, gan aon scrúdú scríobhtha a dhéanamh. B'é an líon mac léinn ab airde a roghnaigh gan scrúdú traidisiúnta a dhéanamh i nGaeilge.

Maille le Ghearmáinis, Fraincis, agus Spáinnis, roghnaigh 27%, 26%, agus 21% desna daltaí gráid ríobhtha amháin a fháil. D'fhéadfaí, ag amharc ar **E)** thuas, a bhaint as go bhfuil a gceangal féin ag daoine leis an teanga ach **nach múintear dóibh a cúlra ársa** ná a cuid ghnéithe tharraingteacha ar leith.

<https://ncca.ie/en/senior-cycle/curriculum-developments/gaeilge/leaving-certificate-irish-11-consultation/> <https://www.thejournal.ie/leaving-cert-2021-accredited-grades-choice-irish-5407270-Apr2021/> 12/4/2021

**G)** "Ní dóigh liom go bhfuil suim dá laghad ag an Stát sa Ghaeltacht, i bpobal na Gaeltachta ná i gcultúr na tíre faraoir: caith cúpla pingin acu agus coinneoidh sé sin sásta iad" **An Seanadóir Pádraig Ó Céidigh**

<https://www.rte.ie/gaeilge/2020/0423/1134291-gaeltacht-2020-an-mairfidh-si/> 23/4/ 2020

**H)** Níor fhoilsigh Comhairle Contae Chorcaí leagan den Dréachtphlean Forbartha Contae 2021 i nGaeilge, rud nach raibh i gchomhréir le hoibleagáidí Acht na Teangan Oifigiúil, 2003. Dúirt an Chomhairle nach rabh aon duine sásta aistriúchán ar dréacht a dhéanamh. Foilseofar an plean go dátheangach nuair a bheas sé críochnaithe. Is fearr le haistritheoirí, **de réir dealraimh**, oibriú ar téacs críochnaithe.

<https://www.96fm.ie/news/96fm-news-and-sport/frustration-as-no-irish-version-of-draft-county-development-plan-2021-published/> 24/4/2021

**I)** Rinne An Coimisinéir Teangan, arís ina thuarascáil bhliantúil do 2011, cur síos ar dhá chás nár chloígh **an Roinn Coimirce Sóisialaí** lena cuid oibleagáidí iontu, marcanna bónais a thabhairt d'iarratasóirí ar ardu céime a bhí líofa i nGaeilge.

I sméideadh cinn d'athbheochan na Gaeilge, bunaíodh an córas marcanna bónais seo, i lár na 1970idí. Roimhe sin ba ghá le gach iarratasóir a bheith i ndon Gaeilge a labhairt. Le fírinne, ba **dhréim fholamh í** polasaí na hathbheochana i gcónaí.

Sa dá chás, dúirt an Roinn Coimirce Sóisialaí go raibh sé beartaithe acu marcanna bónais a thabhairt - tar éis d'iarratasóirí dul chun cinn a dhéanamh sa chomórtas - go dtí an chéim dheiridh roghnóireachta: faoin am sin, ámh, bhí teipthe ag an mbeirt. Tugann an leithscéal le fios go mb'fhéidir **nach raibh fios a ghnó** ag an gCoimisinéir Teangan.

I 2020, fógraíodh scéim nua Gaeilge don Roinn Coimirce Sóisialaí, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Tá freagracht as an scéim a dheimhniú ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. (Bhíodh Aire Gaeltachta ann tráth). Cloíonn an scéim le Cairt Chustaiméirí na Roinne agus lena cuid prionsabal i leith Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí. Cumadh í lena chinntiú go gcloifí go hiomlán, **diaidh ar ndiaidh**, leis na hoibleagáidí in Acht na dTeangacha Oifigiúla - sa scéim féin agus i scéimeanna eile amach anseo. **Tá polasaí teanga na Roinne dorcha fós.** <https://www.thejournal.ie/only-1-of-9-officers-in-gaeltacht-garda-station-spoke-irish-report-427481-Apr2012/> 24/4/12 <https://www.gov.ie/en/publication/6c829e-irish-language-scheme-2019-2022/> 4/3/2020

**J)** Ghabh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leithscéal le cainteoirí Gaeilge a rinne iarracht ar líne coinne a dhéanamh le haghaidh vacsaín Covid-19 'fháil, ach níor éirigh leobhtha. D'iarr roinnt díobhtha coinne ar

an nguthán a dhéanamh – obair in aisce arís. Rinne roinnt glaoiteoirí gearáin ina dhiaidh sin, nach raibh aon oibreoir Gaeilge ann. Leithscéal an HSE é, dá gcruthódh siad córas áirithe le roghanna idir theangacha éagsúla, nach gcloíff le spriocdhátaí an fheachtais. **Níorbh í** iliomad teangacha an cheist.

<https://www.thejournal.ie/hse-apologises-irish-speakers-covid19-vaccine-portal-5421257-Apr2021/> 28/4/2021

**K)** Nocht an Coimisinéir Teangan nach raibh go leor Gaeilge ag ochtar desna naonúr **Gardaí**, i Stáisiún Ghaoth Dobhair, chun déaláil le baill den phobal, in 2010 agus 2011. Tá sé de dhualgas air é a chinntiú, le háiteamh ar dhaoine (.i. níl **an chumhacht dleathach** gur gá aige), go gcloífeadh comhlachtaí poiblí le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (atá beagán cosúil le hAcht Indiach Cheanada, 1876-1985). Mar thoradh ar a imscrúdú, bhí na Gardaí le hathshannadh foirne a dhéanamh, ionas go bhféadfadh le triúr oifigeach gnó a dhéanamh trí Ghaeilge faoi Aibreán 2011: cuireadh deireadh leis an imscrúdú.

Gan aon dul chun cinn déanta faoi shamhradh na bliana 2011, tosnaíodh an ‘t-imscrúdú’ athuair. Bhí na deacrachtaí céanna ag an ngearánaí 'arís agus arís eile', idir an dá linn. Ar aghaidh más ea go 2021:

→ Adúirt Coimisinéir an Gharda Síochána, Drew Harris, le Coiste an Oireachtais, i mBealtaine 2021, go raibh méadú 12% le 10 mbliain anuas sna Gardaí ar féidir leo Gaeilge a labhairt i gceantair Ghaeltachta. Dúirt sé go mbeadh sé ina chathaoirleach ar *Ghrúpa Rialachais Ghaeilge*, chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an dteangain. Dúirt sé freisin go raibh gá ann le cainteoirí Gaeilge a mhealladh isteach sa bhFórsa. Bhí Gaeilge ag **3 as 600 ball nua**, i 2020. Ghlac sé le frustrachas an Choimisinéara Teangan: gur theip ar a bhí déanta ag an bhFórsa. <https://www.rte.ie/news/2021/0512/1221212-gardai-gaeltacht/> 12/5/2021  
<https://www.thejournal.ie/only-1-of-9-officers-in-gaeltacht-garda-station-spoke-irish-report-427481-Apr2012/> 24/4/2012

**L)** Cheadaigh an Chomh-aireacht athruithe, i 2005, ar na riachtanais iontrála don Gharda Síochána agus mar sin ní raibh ar iarratasóirí neamh-náisiúnta cáilíocht i nGaeilge nó i mBéarla a shealbhú a thuilleadh, ach a bheith in ann a chruthú go raibh siad iniúil in dhá theangain, ceann amháin ar a laghad. Rugadh thart ar 10% de dhaoine a bhí ina gcónaí in Éirinn lasmuigh den tír ag an am. <https://www.irishtimes.com/news/irish-no-longer-a-requirement-to-join-an-garda-1.1182163> 7/9/ 2005.

**M)** Tá sé ráite ag go leor **Gaelscoileanna** go bhfuil deacrachtaí thar na bearta acu le múinteoirí Gaeilge cáilithe a earcú. Léiríonn anailís ar fhógraíocht scoileanna, do phoist bhuana i múineadh na Gaeilge, gur Gaelscoileanna is minicí atá i gceist.

D'fhógair Scoil Mobhí i n**Droim Conrach**, Baile Átha Cliath, post folamh ceithre uair ó Iúil 2018 go Meán Fómhair, gan iarratasóir amháin a fháil. Timpeall ar an am seo, bhí Gaelscoil Mhainsir na Cóir i Mainistir na Corann, Co. Chorcaí, ag iarraidh trí phost den sórt sin a líonadh.

Dúirt Eagraíocht na Múinteoirí Náisiúnta na hÉireann (**INTO**) ach go raibh sé 'scanrúil' scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna a fheiceáil agus iad ag streachailt chun múinteoirí cáilithe a fháil le haghaidh rólanna buana. 14/9/2018

<https://www.irishtimes.com/news/education/gaelscoileanna-report-acute-difficulties-finding-qualified-irish-teachers-1.3628640>

**N)** Tá Éire san áit deireanaigh, de 36 thír fhorbartha, ó thaoibh infheistíocht san oideachas de, mar chuid dar **Olltáirgeacht Intíre** (OTI) - de réir sonraí 2021 ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (an ECFE). Cé go méadaíonn cuideachtaí ilnáisiúnta na figiúirí OTI, deir Ceardchumann Oideachais go ndeimhníteann siad tearc-infheistíocht.

Ós na ‘70dí ar aghaidh, d’éiligh tuismitheoirí go mbunódh an Rialtas scoileanna lán-Ghaelacha. Dheimhnigh fás na scoileanna lán-Ghaeilge (Gaelscoileanna) seo, lasmuigh desna Gaeltachraí an dearcadh dearfach ag tuismitheoirí maidir don tteangain.

Ábhar argóinte é, in amanna, meastacháin ar chaiteachas phoiblí ar an nGaeilge. Tá costais suas le €1.2bh in aghaidh na bliana curtha amach - deartha níos mó chun fearg frith-Ghaelach a spreagadh - i gcoinne na dílseachta náisiúnta don teangain. Is spéisiúil é ó thaoibh na **Síceolaíochta** de go n-iompódh daoine áirithe i dtreo chultúr an choilíneachais, gan luach a chur ar a gcultúr féin.

<https://www.irishtimes.com/news/education/ireland-ranks-in-last-place-in-oecd-for-investment-in-education-1.4675156> 4/22017 16/9/2021  
<https://files.eric.ed.gov/fulltext/EJ1085869.pdf> <https://www.thejournal.ie/readme/fake-facts-irish-language-debate-3220676-Feb2017/>

**O)** Is duine mór le rá í, Máire Treasa Ní Cheallaigh, a oibríos i nGaeilge agus i mBéarla ar raidió agus teilifís m.sh. ar Raidió na Gaeltachta, Newstalk, TG4, RTÉ, Eir Sport agus Sky Sports. San iriseoireacht chlóite, scríobhann sí do The Irish Times. Is óstach podchraolta agus síceolaí spóirt í chomh maith, atá anois ina trú bliain ag staidéar míochaine i gColáiste Ríoga na Máinlianna. Bhí sí ag cabhrú sa troid i gcoinne an Choróinbhíris, mar chuid dár seirbhís cúram sláinte.

In agallamh ar **Newstalk**, ar 18 Meán Fómhair, 2021, dúirt Máire Treasa go ndeineann an Stát **spior spear** di ina cuid idirghníomhaíochtaí leis, mar gheall ar a hainm, rud a cuireann anacair mhór uirthi in gcónaí.

**P)** Beidh ar 20% desna hearcaigh nua sa tStátseirbhís a bheith líofa i nGaeilge, ó 2030 ar aghaidh, tar éis formheas a fháil ón Rialtas ar sraith leasuithe don Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), a síníodh sa dlí ar 22/12/21, atá molta ag an Aire Stáit don Ghaeltacht. Tá deacrachtaí ag cainteoirí Gaeilge, mar adúradh, agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar seirbhísí Stáit, i gceantair Gaeltachta 7 Galltachta.

Molann an Bille leasaithe, a bhfuiltear ag súil go nglacfar leis roimh dheireadh 2021, '**bearnaí teangan**' a aithint sa tSeirbhís phoiblí. Beidh ar chomhlachtaí poiblí ainmneacha agus seoltaí a litriú i gceart agus an Síne Fada a úsáid, chun fuaimniú ceart na bhfocla a léiriú. Faoi láthair, úsáideann Stáit agus comhlachtaí eile an méarchlár Béarla (Sacsana). Is cosúil go bhfuil sé ró-chrua dóibh teacht ar an 'Síne Fada' le Unicode nó leis an méarchlár Béarla (Éire). San ainm - **An Roinn Coimirce Sóisialai** - níl an Síne Fada fós ar an 'i' deireanach ar an suíomh gréasáin oifigiúil thíos. <https://www.irishtimes.com/news/ireland/irish-news/one-in-five-recruits-to-civil-service-to-be-proficient-in-irish-1.4374680> 7/10/ 2020 <https://www.gov.ie/en/publication/6c829e-irish-language-scheme-2019-2022/> 4/3/2020

**Q)** Scríobh Líonraí BSL agus a chonraitheoir MDE, go dátheangach, go teaghlaigh áirithe, maille leis an gclár um Mhéadrú Chliste. Ní gearán é in aghaidh a bhfoirne, dea-bhéasach i gcónaí, nach féidir le custaiméirí gnó a dhéanamh trí Ghaeilge le ceachtar comhlacht. 1/5/2021

**R)** Má eascraíonn fadhb leis an **Currency Card** ó Oifig a' Phoist, ba chóir glaoc ar 1800535564. Tabharfaidh MasterCard rogha idir leathdosaen teangacha don nglaoiteoir, diomaite den Ghaedhilg. Labhróchaidh cailín i Lárionad Ghlaonna - sna hOileáin Philipíneacha, is dócha, i mBéarla (go cairdiúil i gcónaí). Ní cinnte go sárófar aon fhadhb a mbeadh ag Gaeilgeoir, ámh.

**S)** Deir athair Callum Geary (12 bliana d'aois) go bhfuil a theaghlach caite ó bheith ag troid ar **son a cheart bunúsach chun oideachais. Tá an buachaill ó Bhaile Átha hÚlla bodhar ach níor éirigh leis** aistritheoir Teanga Chomharthaíochta Gaeilge a fháil chun cabhrú leis ar scoil. Dúirt a athair, Andrew, le RedFM News, in ainneoin na hintleachta atá ag Callum, agus na hiarrachtaí a rinne a mhúinteoirí, nár éirigh le Callum dul ar aghaidh go dtí an mheánscoil mar gheall ar easpa na tacaíochta riachtanacha seo.

<https://redfm.ie/post/father-of-12-year-old-callum-geary-says-his-family-are-absolutely-burnt-out-from-fighting-for-his-basic-right-to-education/> 25/9/2021

**T)** Iarradh ar an dTaoiseach tabhairt faoi achomharc ag an Stát i gcoinne rialú Ard-Chúirte a tharraingt siar - a deir gur ceart go mbeadh saoránaigh in ann doiciméid pleanála ábhartha a fháil i nGaeilge. Rialaigh an Breitheamh Ónórach Bronagh O'Hanlon go gcaithfidh an Stát leagan Gaeilge desna hIonstraimí Reachtúla á lorg ag Siobhán Denvir-Bairéad, Gleann Mór Céibh Teoranta agus Gleann Mór Cuan Teoranta a sholáthar, i gcás a bhí á thógáil acu i gcoinne na cuideachta leathstáit, Uisce Éireann. Réim na bPéindlíthe arís?

Gheobhaidh an Ghaeilge stádas iomlán mar **theanga oibre**, san Aontas Eorpach ón 1 Eanáir 2022. An dtabharfaidh sé seo, agus Acht na dTeangacha Oifigiúla úr muinín do dhaoine i **riail an dlí**?

<https://www.irishtimes.com/news/ireland/irish-news/call-for-taoiseach-to-stop-challenge-to-irish-language-ruling-1.4679788?fbclid=IwAR2UOnHREQFuBj5E0SzJQ9Ei56NGI6zqE0dzseMdTT07Sp3MBZv9pirXsBI> 21/9/2021

**U)** Tá leithscéal gafa ag Uisce Éireann as gan teagmháil a dhéanamh le cainteoirí Gaeilge ‘ina dteanga féin’. Ghabh Uisce Éireann leithscéal le cainteoirí Gaeilge i ndiaidh fhoilsiú tuairisce ar an suíomh seo nár íoc Peadar G. Ó Máille, úinéir Tigh Mholly, teach ósta sna hAille in Indreabhán, aon bhille a chuir Uisce Éireann chuige ó 2014 toisc na billí a bheith i mBéarla. Dúirt Ó Máille nach raibh sé ag diúltú a chuid billí uisce a íoc ach nach n-íocfadh sé aon bhille le hUisce Éireann go dtí go gcuirfear ar fáil i nGaeilge é.

<https://tuairisc.ie/leithsceal-gafa-ag-uisce-eireann-as-gan-teagmhail-a-dheanamh-le-cainteoiri-gaeilge-ina-dteanga-fein/> 3/11/2021

**V)** Chuir an Ard-Chúirt deireadh le cead pleanála a thug an Bord Pleanála do 30 teach agus teach aíochta i nGaeltacht Ráth Chairn i gCo na Mí i mí an Mheithimh 2020. Chuir an Breitheamh Bronagh O’Hanlon an cinneadh ar neamhní toisc nach raibh sí sásta gur chomhlíon an fhorbairt le ceanglaisgo dtaispeáiní go gcuirfeadh sí le húsáid na Gaeilge sa cheantar. Tionscnaíodh an gníomh maidir leis an bhforbairt, atá ar suíomh idir an bhunscoil áitiúil agus an t-ionad pobail.

B’í Comharchumann Ráth Chairn, comharchumann forbartha áitiúil a bhfuil sé de chúram air plean teanga a chur i bhfeidhm chun méid na Gaeilge sa cheantar a mhéadú, a thug an dúshlán. <https://www.thejournal.ie/planning-permission-meath-gaeltacht-high-court-5598795-Nov2021/?fbclid=IwAR0-73UszMv8gut3hMmx2zhWsQTyJZWXyhPhS8n1mgviNDzkse9ge7rLKnc> Wednesday 17 November 2021

**W)** Maidir le Seirbhís Sláinte na hÉireann, tá treoir ar line i dtrí Chuid (do gach duine seachas cainteoirí Gaeilge):

Tugann **Cuid 1** faisnéis faoi conas seirbhísí éagsúla cúraim sláinte a fháil, fútha siúd atá saor in aisce, faoi’n gcaoi ina oibríocht Dochtúir Teaghlaigh, ar chógaisíocht agus ar ospidéal.

Tugann **Cuid 2** faisnéis faoi sheirbhísí speisialtóra (fiacloireacht, tástálacha súl, áiseanna éisteachta, vacsaínithe 7rl) agus faoi’n bhfoireann a d’fhéadfadh léithe bualadh le duine sa chóras sláinte.

Tugann **Cuid 3** comhairle faoi cad ba cheart a dhéanamh i gcás éigeandála.

Le fáil i: Béarla, Béarla/Albanais, Béarla/Arabais, Béarla/Bulgarais, Béarla/Iaránais, Béarla/Frainncis, Béarla/Seoirsis, Béarla/Curdais, Béarla/Paisto, Béarla/Pólainnais, Béarla/Portungéalais, Béarla/Rómáimis, Béarla/Somáilis, Béarla/Spáinnis, Béarla/Urdu,

Freastalaítear go dona ar chainteoirí Gaeilge ó ar thosaigh an Phaindéim Coróinvíris. Léiríodh i tuarascáil i 1/2022 an damáiste a rinne an tSeirbhís do leanaí maille le meabhair-shláinte i gCiarraí Theas agus an neamh-aird ar dualgas suas agus síos an líne riaracháin. <https://www.hse.ie/eng/about/who/primarycare/socialinclusion/about-social-inclusion/translation-hub/multilingual-resources-and-translated-material/> 12/2021 <https://www.irishtimes.com/news/politics/kerry-mental-health-service-hse-chief-says-what-happened-was-deeply-regrettable-1.4787145> 27/1/2022

## **iv) Dofheicthíocht na nGael**

**X)** Tá sé de dhualgas ar Údarás Áitiúla an Ghaeilge a chosaint agus a chur chun cinn mar ghnáth-theanga i réigiúin na Gaeltachta. Ceannaítear go leor tithe i nGaeltacht na nDéise, in aice le Dún Garbhán, mar thithe saoire, áfach. Tagann daoine coimhthíocha a cheantáileann ar mhuintir óga na háite atá ag iarraidh taighleach a bhunú.

Tarlaíonn dlíáthriú daonra sna seacht gceantar Gaeltachta, a bhfuil daonra 96,090 iontu. Tá céatadán na gcainteoirí Gaeilge ag titim - 11% idir 2011-2016 - ó 23,175 go 20,586. Tá polaisithe tithíochta ag fáil réidh leis an nGaeilge mar ghnáth-theanga.

Níl ach dhá thrian de mhuintir na Gaeltachta a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge acu, a dúirt an Dr John Walsh, léachtóir sinsearach le Gaeilge in OÉ na Gaillimhe. Tá Gaeilge ag c21% den phobal lasmuigh den oideachas - an phríomhstaitistic. De réir tuarascáil de chuid Roinn na Gaeltachta '**An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht**', má thiteann cion na gcainteoirí Gaeilge in aon Ghaeltacht faoi 67%, go dtiocfaidh úsáid na Gaeilge mar theanga phobail agus teaghlach níos mó neamh-inbhuanaithe. Sa ghéarchéim sheachtraigh seo, is beag aird éifeachtach a thugtar uirthi.

Is féidir le Comhairlí coinníollacha teanga a cheangal le cead pleanála i bhforbairtí nua, chun céatadán de thithe a chur in áirithe do cheannaitheoirí a bhfuil Gaeilge líofa acu. Déantar 30% de cheannaitheoirí, i gceantair áirithe a thástáil le haghaidh líofachta, agus 80% i gceantair eile. Go coitianta, tá na tástálacha bréagach. In 2020, chinn an Coimisinéir Teanga gur theip ar Chomhairle Contae Chiarraí an coinníoll teangan a chomhlíonadh.

<https://www.independent.ie/irish-news/holiday-homes-in-gaeltacht-refused-25957789.html>

<https://www.rte.ie/news/primetime/2021/1007/1252390-housing-crisis-gaeltacht/?fbclid=IwAR0Ywrc6ld1ecYiTRKvWfl-gYvyqrqJFSVLW1zaLOrsvOdJs02QCgqWSPzQ>

De bharr tuarascáil na Roinne, thug Conradh na Gaeilge (gur feachtasóirí Gaeilge iad), faoi dear go raibh ról lárnach ag soláthar tithíochta i dtitim in úsáid na Gaeilge, i ngach ceantar Gaeltachta. Mar seo, fágann go leor daoine óga an Ghaeltacht, toisc nach bhfuil siad in ann suíomh nó teach a cheannach. D'éiligh Conradh na Gaeilge polasaí forbartha do gach ceantar Gaeltachta, mar a bheifí ag súil go mbeadh a leithéid i bhfeidhm cheana. <https://www.pressreader.com/ireland/the-irish-mail-on-sunday/20201108/281818581352270>

**Y)** Is í 'Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030' bunchloch pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge. Tá raon moltaí (nach aon riachtanas eadartha) sa straitéis a bhaineas le: Oideachas; an Ghaeltacht; Idirghabháil sa Teangain sa Teaghlach; Riarachán; Seirbhísí agus Pobail; na Meáin agus Teicneolaíocht; Foclóirí; Reachtaíocht agus Stádas; Eacnamaíocht agus Tionscnaimh Leathana.

Tá lán-fhreagracht ar an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meáin as cur i bhfeidhm na Straitéise a chomhordú. Leagtar amach i **bPlean Gníomhaíochta 2018-2022** an méid atá 'beartaithe' ag an Roinn agus na geallsealbhoirí eile, chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise thar an tréimhse cúig bliana go 2022. [www.gov.ie](http://www.gov.ie) - [The Gaeltacht \(www.gov.ie\)](http://www.gov.ie)  
<https://www.gov.ie/en/policy-information/beba3-gaeltacht/>

**Z)** Ceapann go leor daoine i nGaeltachtaí gur tithe saoire iad tithe atá folamh. Go mórmhór, ceapann daoine, i nGaillimh, gur mar seo athá. Mar sin féin, tá cúiseanna eile ann le tithíocht a ligean folamh. De bharr eisimirce (le hardchaighdeán an oideachais) agus easpa fostaíochta, fágann daoine an ceantar agus ní thagann siad ar ais. Bhog said amach fosta i rith an 'blitz' bungaló as seantithe, sna '70idí agus sna '80idí, le bungalónna a thógáil. Níl sé i gceart tithe saoire a thógáil ach deirtear go ndeinear airgead tirim a ghiniúint. <https://www.friendsoftheireishenvironment.org/papers-today/36-planning/12812->